



---

*Uimhir 27 de 1997*

---

**An tAcht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí, 1997**  
*[An tiontú oifigiúil]*

---





---

*Uimhir 27 de 1997*

---

**AN tACHT UM BAINISTÍOCHT NA SEIRBHÍSE  
POIBLÍ, 1997**

*[An tiontú oifigiúil]*

---

**CLÁR AN ÁBHAIR**

Alt

1. Léiriú.
2. Feidhm maidir le hOifigí Sceidealta agus leasú ar an Sceideal.
3. Freagrachtaí an Aire den Rialtas atá i bhfeighil na Roinne.
4. Freagracht agus cuntasacht laistigh de Ranna agus d'Oifigí.
5. Ráiteas straitéise.
6. Beidh an Rúnaí nó an Ceann cuntasach don Aire den Rialtas.
7. Ordacháin ón Aire den Rialtas.
8. Ní dhéantar difear d'fheidhmeanna arna dtarmhligean faoi Achtanna eile.
9. Freagracht a shannadh i leith feidhmeanna.
10. Láithriú os comhair coistí de chuid Thithe an Oireachtais.
11. Comhairleoirí speisialta.
12. Freagracht a shannadh i leith nithe trasrannacha.
13. Stádas corpraithe oifigí áirithe.
14. Gearrtheideal agus tosach feidhme.

**AN SCEIDEAL**

**OIFIGÍ AGUS BRAINSÍ DEN tSEIRBHÍS PHOIBLÍ**

[Uimh. 27.] *An tAcht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí*, [1997.]  
1997.

NA hACHTANNA DÁ DTAGRAÍTEAR

Acht Choimisinéirí na Stát-Sheirbhíse, 1956	1956, Uimh. 45
Acht Rialuithe na Stát-Sheirbhíse, 1956	1956, Uimh. 46
Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993	1993, Uimh. 8
Na hAchtanna Cosanta, 1954 go 1993	
An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995	1995, Uimh. 22
<i>An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 1997</i>	
An tAcht Airí agus Rúnaithe (Leasú) (Uimh. 2), 1977	1977, Uimh. 28
Na hAchtanna Airí agus Rúnaithe, 1924 go 1995	



---

*Uimhir 27 de 1997*

---

**AN tACHT UM BAINISTÍOCHT NA SEIRBHÍSE  
POIBLÍ, 1997**

*[An tiontú oifigiúil]*

---

ACHT DO DHÉANAMH SOCRÚ MAIDIR LE STRUCTÚR BAINISTÍOCHTA NUA D'FHONN CUR LE BAINISTÍOCHT, ÉIFEACHTÚLACHT AGUS TRÉDHEARCACHT OIBRÍOCHTAÍ RANNA STÁIT AGUS OIFIGÍ ÁRITHE EILE DE CHUID NA SEIRBHÍSE POIBLÍ AGUS D'FHONN CUNTASACHT STÁTSEIRBHÍSEACH A MHÉADÚ ACH ROGHA AN RIALTAIS A CHAOMHNÚ I NDÁIL LENA <sup>BH</sup>FREAGRACHT DO DHÁIL ÉIREANN, DO DHÉANAMH SOCRÚ MAIDIR LE RIARACHÁN RANNA STÁIT AGUS NA <sup>NO</sup>OIFIGÍ RÉAMHRÁITE, LE COMHAIRLEOIRÍ SPEISIALTA A CHEAPADH, LE FEIDHMEANNA TRASRANNACHA A SHANNADH AGUS LE STÁDAS CORPRAITHE OIFIGÍ POIBLÍ ÁRITHE AGUS DO DHÉANAMH SOCRÚ I <sup>D</sup>TAOBH NITHE GAOLMHARA.

[19 Bealtaine 1997]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

**1.—(1)** San Acht seo, mura n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt— Léiriú.

tá le “státseirbhíseach” an bhrí a shanntar do “stát-sheirbhíseach” le hAcht Rialuithe na Stát-Sheirbhíse, 1956;

ciallaíonn “Roinn” an chuid de Roinn Stáit a bhfuil mar fhoireann aici státseirbhísigh a fheidhmíonn feidhmeanna go díreach faoi Aire den Rialtas nó faoi Aire Stáit agus, i gcás na Roinne Cosanta, ciallaíonn sé an chuid sin den Roinn mar aon leis na príomhbhairsí míleata, ach ní fholáíonn sé Oifig Sceidealta;

ciallaíonn “achtachán” reacht arna dhéanamh nó ionstraim arna déanamh faoi chumhacht a thugtar le reacht;

foláíonn “feidhmeanna” cumhachtaí agus dualgais agus foláíonn tagairtí do chomhlíonadh feidhmeanna, maidir le cumhachtaí agus dualgais, tagairtí d’fheidhmiú na gcumhachtaí agus do chomhall na ndualgas;

ciallaíonn “Ceann”, i ndáil le hOifig Sceidealta, an duine a cheapfar mar príomhoifigeach ar an Oifig Sceidealta nó, i gcás nach mbeidh duine den sórt sin ceaptha, an duine a ainmneofar le hordú ón Rialtas chun bheith ina Cheann nó ina Ceann ar an Oifig Sceidealta chun críocha an Achta seo;

folaíonn “Aire den Rialtas”, i ndáil le hOifig Sceidealta a shonraítear i *gcolún (1)* de *Chuid I* den *Sceideal* ag aon uimhir thagartha, an duine a shealbhaíonn an oifig a shonraítear i *gcolún (2)* den *Sceideal* sin ag an uimhir thagartha sin;

ciallaíonn “Aire Stáit” duine arna cheapadh nó arna ceapadh faoi alt 1(1) den Acht Airí agus Rúnaithe (Leasú) (Uimh. 2), 1977, chun bheith ina Aire Stáit nó ina hAire Stáit;

ciallaíonn “aschuir”, i ndáil le Roinn nó le hOifig Sceidealta, na hearraí agus na seirbhísí (lena n-áirítear caighdeáin seirbhíse) a leanann as gníomhaíochtaí na Roinne nó na hOifige Sceidealta;

ciallaíonn “Oifig Sceidealta” oifig nó brainse den tseirbhís phoiblí a shonraítear i *gcolún (1)* de *Chuid I* nó i *gCuid II* den *Sceideal*;

ciallaíonn “Ard-Rúnaí”, i ndáil le Roinn, an duine arna cheapadh nó arna ceapadh mar Ard-Rúnaí na Roinne nó, i gcás go mbeidh céim Ard-Rúnaí ag níos mó ná duine amháin i Roinn, ciallaíonn sé an duine ag a bhfuil an chéim sin agus arb é nó í príomhoifigeach na Roinne é nó í;

forléireofar “ráiteas straitéise” de réir *alt 5*.

(2) San Acht seo, mura léir a mhalairt d’intinn—

(a) aon tagairt d’alt nó don *Sceideal* is tagairt í d’alt den Acht seo nó don *Sceideal* a ghabhann leis an Acht seo, mura gcuirtear in iúl gur tagairt d’achtachán éigin eile atá beartaithe,

(b) aon tagairt d’fho-alt, do mhír nó d’fhómhír is tagairt í don fho-alt, don mhír nó don fhómhír den fhoráil ina bhfuil an tagairt, mura gcuirtear in iúl gur tagairt d’fhoráil éigin eile atá beartaithe, agus

(c) foláíonn tagairt d’achtachán tagairt don achtachán sin arna leasú nó arna oiriúnú le haon achtachán ina dhiaidh sin nó faoi, cibé acu roimh thosach feidhme an ailt seo nó dá éis.

Feidhm maidir le hOifigí Sceidealta agus leasú ar an Sceideal.

2.—(1) Beidh feidhm ag an Acht seo maidir le hOifig Sceidealta a shonraítear i *gcolún (1)* de *Chuid I* den *Sceideal* ag aon uimhir thagartha más rud é go dtoileoidh an duine a shealbhaíonn an oifig a shonraítear i *gcolún 2* de *Chuid I* den *Sceideal* ag an uimhir thagartha sin leis sin i scríbhinn, agus sa chás sin amháin, agus beidh aon toiliú den sórt sin ina cheangal maidir le haon sealbhóir ar an oifig lena mbaineann ina dhiaidh sin.

(2) Níl feidhm ag na forálacha seo a leanas maidir le hOifig Sceidealta a shonraítear i *gCuid I* den *Sceideal*:

(a) *alt 4(1)(e)*,

(b) *alt 11*, agus

(c) *alt 12*.

(3) Féadfaidh an Rialtas, le hordú, an *Sceideal* a leasú trí ainm aon Oifige Sceidealta, aon oifige nó aon bhrainse den tseirbhís phoiblí a chur leis nó a scriosadh as nó trí ainm a chur ann in ionad ainm den sórt sin.

3.—Beidh Aire den Rialtas atá i bhfeighil Roinne, de réir na nAchtanna Airí agus Rúnaithe, 1924 go 1995, freagrach i gcomhlíonadh feidhmeanna a shanntar don Roinn de bhun aon cheann de na hAchtanna sin.

Freagrachtaí an Aire den Rialtas atá i bhfeighil na Roinne.

4.—(1) Ach amháin mar a ordóidh an Rialtas a mhalairt nó mar a fhoráiltear a mhalairt le haon Acht eile nó faoi, beidh ag Ard-Rúnaí Roinne nó ag Ceann Oifige Sceidealta, de réir mar a bheidh, faoi réir chinneadh an Aire den Rialtas atá i bhfeighil na Roinne nó na hOifige Sceidealta, nó faoi réir chinneadh an Rialtais, i dtaobh nithe a bhaineann le beartas, an t-údarás, an fhreagracht agus an chuntasacht chun na dualgais seo a leanas a chomhall i leith na Roinne nó na hOifige Sceidealta:

Freagracht agus cuntasacht laistigh de Ranna agus d'Oifigí.

(a) an Roinn nó an Oifig Sceidealta a bhainistiú, beartais de chuid an Rialtais is cuí maidir leis an Roinn nó leis an Oifig Sceidealta a chur i ngníomh, faireachán a dhéanamh ar bheartais de chuid an Rialtais a dhéanann difear don Roinn nó don Oifig Sceidealta agus aschuir arna gcinneadh i dteannta an Aire den Rialtas atá i bhfeighil na Roinne nó na hOifige Sceidealta a sheachadadh;

(b) ráiteas straitéise a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire den Rialtas i leith na Roinne nó na hOifige Sceidealta na tráthanna seo a leanas, nó tráth is luaithe ná sin má cheanglaíonn an tAire den Rialtas atá i bhfeighil na Roinne nó na hOifige Sceidealta amhlaidh—

(i) laistigh de 6 mhí tar éis teacht i ngníomh don Acht seo,

(ii) laistigh de 6 mhí tar éis Aire nua den Rialtas a cheapadh a bheidh i bhfeighil na Roinne nó na hOifige Sceidealta, agus

(iii) i ndeireadh na tréimhse 3 bliana ón trath is déanaí a ullmhaíodh ráiteas den sórt sin agus a cuireadh faoi bhráid Aire den Rialtas é,

agus tuarascálacha ar an dul chun cinn maidir le cur i ngníomh an ráitis straitéise a sholáthar don Aire den Rialtas gach bliain, nó i gceann cibé eatrainm a ordóidh an Rialtas le hordú ó am go ham;

(c) sracléiriú a ullmhú, d'fhonn éifeacht a thabhairt d'alt 9, ar an gcaoi a mbeidh gnéithe sonracha de na freagrachtaí a thuairiscítear i *míreanna (d)* go *(h)* le sannadh chun a chinntiú gur oifigeach cuí, nó oifigeach de ghrád cuí nó de chéim chuí, don Roinn nó don Oifig Sceidealta, a chomhlíonfaidh na feidhmeanna a chomhlíonfar thar ceann an Aire den Rialtas;

(d) comhairle a sholáthar don Aire den Rialtas atá i bhfeighil na Roinne nó na hOifige Sceidealta maidir le haon ní atá faoi réim fhreagrachtaí an Aire nó na Roinne nó na hOifige Sceidealta, nó a fhearann orthu nó a bhaineann leo, agus is bun le caiteachas ábhartha atá inmhuirearaithe ar a cuntas leithreasa;

(e) a chinntiú go gcuirfear socrúithe cuí ar bun a éascóidh freagairt éifeachtach do nithe a bhaineann leis an Roinn nó leis an Oifig Sceidealta agus le brainsí eile den tseirbhís phoiblí aron;

(f) a chinntiú go n-úsáidfear acmhainní na Roinne nó na hOifige Sceidealta ar mhodh atá de réir Acht an Ard-Reachtaire Cuntas

agus Ciste (Leasú), 1993 d'fhonn a chumasú go dtabharfaidh an Roinn nó an Oifig Sceidealta aghaidh go cuí ar na nithe dá dtagraítear i míreanna (a) go (d) d'alt 19(1) den Acht sin;

(g) modhanna a scrúdú agus a fhorbairt a fheabhsóidh soláthar seirbhísí poiblí atá éifeachtach ó thaobh costas de ag an Roinn nó ag an Oifig Sceidealta;

(h) faoi réir Acht Rialuithe na Stát-Sheirbhíse, 1956, Acht Choimisinéirí na Stát-Sheirbhíse, 1956, na nAchtanna Cosanta, 1954 go 1993 (maidir le fostaithe sibhialta arna n-earcú nó arna gceapadh faoi na hAchtanna Cosanta, 1954 go 1993) agus aon Achta eile a dhéanann difear do cheapadh, feidhmíocht, araíonacht nó dífhostú státseirbhíseach nó fostaithe sibhialta de chuid na Roinne Cosanta, bainistiú a dhéanamh ar gach ní a bhaineann le ceapacháin, feidhmíocht, araíonacht agus dífhostú comhaltaí foirne is ísle grád ná Príomhoifigeach nó a choibhéis sa Roinn nó san Oifig Sceidealta; agus

(i) faoi réir *alt 9(1)(f)*, an fhreagracht i gcomhlíonadh na bhfeidhmeanna a bhfuil Ard-Rúnaí na Roinne nó Ceann na hOifige Sceidealta freagrach iontu a shannadh d'oifigigh eile nó do ghrád nó do ghráid oifigigh don Roinn nó don Oifig Sceidealta, lena n-áirítear na coinníollacha a bhaineann le sannadh den sórt sin, d'fhonn comhchuibheas beartais ar fud na Roinne nó na hOifige Sceidealta a chinntiú agus d'fhonn a chinntiú go ndéanfar, más cuí, an fhreagracht i gcomhlíonadh na bhfeidhmeanna sin a shannadh fairis sin d'oifigigh eile nó do ghrád nó do ghráid eile oifigigh laistigh den Roinn nó den Oifig Sceidealta.

(2) Ní fhorléireofar aon ní i *bhfo-alt (1)* mar ní a choisceann Ard-Rúnaí Roinne nó Ceann Oifige Sceidealta ar aon fheidhm eile de chuid an Aire den Rialtas atá i bhfeighil na Roinne nó na hOifige Sceidealta a chomhall thar ceann an Aire den Rialtas nó mar ní a chuireann teorainn le hArd-Rúnaí Roinne nó Ceann Oifige Sceidealta do dhéanamh an chéanna.

(3) Ní fhorléireofar aon ní san Acht seo mar ní a theorannaíonn cumhacht an Rialtais chun feidhmeanna a shannadh, le barántas nó le breith, d'Ard-Rúnaí nach é nó í príomhoifigeach na Roinne é nó í, ar feidhmeanna iad a bheidh le comhall ag an Ard-Rúnaí sin de réir na gcoinníollacha a leagfar amach sa bharántas nó sa bhreith.

(4) Maidir leis an bpost, i ndáil le Roinn, ar a dtugtaí go n-uige seo Rúnaí na Roinne nó maidir le haon duine eile sa Roinn ar a dtugtaí Rúnaí, tabharfar Ard-Rúnaí na Roinne nó an tArd-Rúnaí, de réir mar a bheidh, ar an bpost nó ar an duine, agus maidir leis an bpost ar a dtugtaí go n-uige seo Rúnaí an Rialtais, tabharfar Ard-Rúnaí an Rialtais air agus maidir leis an bpost, i ndáil le hOifig an Ard-Aighne, ar a dtugtaí go n-uige seo an Cúntóir Dlíthiúil Sinsearach in Oifig an Ard-Aighne, tabharfar Ard-Stiúrthóir Oifig an Ard-Aighne air.

Ráiteas straitéise.

5.—(1) Maidir le ráiteas dá ngairtear “ráiteas straitéise” san Acht seo—



- (a) beidh ann cuspóirí fíorthábhachtacha, aschuir agus straitéisí gaolmhara (lena n-áirítear úsáid acmhainní) na Roinne Stáit nó na hOifige Sceidealta lena mbaineann,
- (b) ullmhófar é i bhfoirm agus ar mhodh a bheidh de réir aon ordachán arna n-eisiúint ó am go ham ag an Rialtas, agus
- (c) cuirfear faoi bhráid an Aire iomchuí den Rialtas é agus ceadóidh sé nó sí é fara leasú nó gan leasú.

(2) Cuirfidh an tAire den Rialtas faoi deara, tráth nach déanaí ná 60 lá tar éis an ráiteas straitéise a cheadú, cóip den ráiteas a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

(3) Ní bheidh feidhm ag an Acht um Shaoráil Faisnéise, 1997, maidir le taifead ina mbeidh—

- (a) ráiteas straitéise nach bhfuil ceadaithe faoi *fho-alt (1)(c)*,
- (b) réamhdhréacht nó dréacht eile den ábhar go léir nó de chuid den ábhar atá i ráiteas straitéise,
- (c) an leagan neamhleasaithe de ráiteas straitéise atá ceadaithe faoi *fho-alt (1)(c)* fara leasú, nó
- (d) ordachán faoi alt 7 i dtaca le hoibleagáidí Ard-Rúnaí Roinne nó Cinn Oifige Sceidealta faoi *alt 4(1)(b)* nó *5(1)*,

go ceann na tréimhse 5 bliana díreach tar éis an taifead a chruthú.

6.—Faoi réir *alt 12*, beidh Ard-Rúnaí Roinne nó Ceann Oifige Sceidealta, de réir ordachán arna n-eisiúint ó am go ham ag an Rialtas, cuntasach don Aire den Rialtas atá i bhfeighil na Roinne nó na hOifige Sceidealta le linn na dualgais nó na feidhmeanna dá dtagraítear in *alt 4* a chomhall.

Beidh an Rúnaí nó an Ceann cuntasach don Aire den Rialtas.

7.—Faoi réir aon Achta eile ach d'ainneoin aon ní san Acht seo, féadfaidh an tAire den Rialtas atá i bhfeighil Roinne nó Oifige Sceidealta ordacháin a thabhairt i scríbhinn d'Ard-Rúnaí na Roinne nó do Cheann na hOifige Sceidealta i dtaca le hoibleagáidí an Rúnaí nó an Chinn faoi ailt 4 go 6, seachas faoi *alt 4(1)(h)*.

Ordacháin ón Aire den Rialtas.

8.—Ní fhorléireofar aon ní san Acht seo mar ní a theorannaíonn cumhacht Aire den Rialtas chun feidhm a tharmligean faoi aon Acht eile.

Ní dhéantar difear d'fheidhmeanna arna dtarmligean faoi Achtanna eile.

9.—(1) Maidir leis an bhfreagracht i gcomhlíonadh feidhmeanna a shannadh d'oifigigh nó do ghrád nó do ghráid oifigigh do Roinn nó d'Oifig Sceidealta, áireofar leis sin ceanglas, i gcás go measfar gur cuí é maidir leis an sannadh, go ndéanfaidh an t-oifigeach dá ndéanfar an sannadh—

Freagracht a shannadh i leith feidhmeanna.

- (a) comhairle bheartais a sholáthar i ndáil le hábhar an tsannta agus nithe gaolmhara,
- (b) na haschuir a shonrófar sa sannadh a bhaint amach,
- (c) freagracht a ghabháil air féin nó uirthi féin sna scéimeanna reachtúla nó sna cláir a shonrófar sa sannadh,
- (d) freagracht a ghabháil air féin nó uirthi féin i seirbhísí ardcháilíochta a sheachadadh maidir le réimse an tsannta,

(e) a chinntiú go mbeidh an caiteachas a dhéanfar i leith réimse an tsannta ag teacht leis an gcríoch ar chuici a bhí an caiteachas innhuirearaithe ar chuntas leithreasa na Roinne nó na hOifige Sceidealta agus go bhfaighfear luach ar airgead, agus

(f) feidhmeanna a chomhlíonadh, thar ceann Ard-Rúnaí na Roinne nó thar ceann Cheann na hOifige Sceidealta, maidir le ceapacháin, feidhmíocht agus araíonacht pearsanra i réimse an tsannta, seachas difhostú, ina mbeidh an tArd-Rúnaí nó an Ceann réamhráite freagrach de bhun *alt 4(1)(h)*.

(2) Beidh oifigeach do Roinn nó d'Oifig Sceidealta dá mbeidh an fhreagracht i gcomhlíonadh feidhmeanna sannta cuntasach i gcomhlíonadh na bhfeidhmeanna sin d'Ard-Rúnaí na Roinne nó do Cheann na hOifige Sceidealta, de réir mar a bheidh, agus do cibé oifigigh eile (más ann) a shonrófar faoin sannadh.

Láithriú os comhair coistí de chuid Thithe an Oireachtais.

**10.**—Maidir le hArd-Rúnaí Roinne nó Ceann Oifige Sceidealta nó aon oifigeach eile don Roinn nó don Oifig Sceidealta a bheidh ainmnithe chun críocha an ailt seo ag an Ard-Rúnaí nó ag an gCeann réamhráite agus dá mbeidh an fhreagracht iomchuí i gcomhlíonadh feidhmeanna sannta, nuair a iarrfaidh coiste de cheachtar Teach den Oireachtas nó den dá Theach acu sin air nó uirthi i scríbhinn déanamh amhlaidh, ar coiste é a bheidh údaraithe chuige sin chun an iarraidh a dhéanamh i dtaca leis an ábhar atá os comhair an choiste, láithreoidh sé nó sí os comhair an choiste i ndáil le haon ráiteas straitéise a leagadh faoi bhráid gach Tí den Oireachtas faoi alt 5(2) i leith na Roinne nó na hOifige Sceidealta.

Comhairleoirí speisialta.

**11.**—(1) Féadfaidh an Rialtas, le hordú, ar iarraidh ó Aire den Rialtas atá i bhfeighil Roinne, agus dá ngairtear “Aire” ina dhiaidh seo san alt seo, Comhairleoirí Speisialta a cheapadh don Aire nó d'Aire Stáit atá sannta don Roinn sin nó d'Oifig Sceidealta a shonraítear ag *uimhreacha tagartha 1 nó 6 de Chuid II den Sceideal*:

Ar choinníoll nach mó líon na gComhairleoirí Speisialta—

(a) ná 2, i gcás Aire (seachas an Taoiseach nó an Tánaiste nó ceannaire páirtí polaitíochta atá cláraithe i gClár na bPáirtithe Polaitíochta),

(b) ná 2, i gcás Aire Stáit a fhreastalaíonn go rialta ar chruinnithe den Rialtas, agus

(c) ná duine amháin, i gcás aon Aire Stáit eile.

(2) Maidir le Comhairleoir Speisialta d'Aire nó d'Aire Stáit, de réir mar a bheidh—

(a) cabhróidh sé nó sí leis an Aire nó leis an Aire Stáit, de réir mar a bheidh—

(i) trí chomhairle a sholáthar,

(ii) trí fhaireachán a dhéanamh ar ghnóthú na gcuspóirí Rialtais a bhaineann leis an Roinn agus tríd an ngnóthú sin a éascú agus a áirithiú, de réir mar a iarrfaidh an tAire nó an tAire Stáit, de réir mar a bheidh, agus

(iii) trí cibé feidhmeanna eile a chomhlíonadh a ordóidh an tAire nó an tAire Stáit, de réir mar a bheidh, ar feidhmeanna

iad nach ndéantar socrú eile ina dtaobh san Acht seo agus nach ngabhann feidhmiú aon chumhachtaí sonracha leo, ar cumhachtaí iad a tugadh don Aire nó don Aire Stáit, de réir mar a bheidh, nó d'aon sealbhóir oifige eile, le haon Acht eile nó faoi, agus

(b) beidh sé nó sí cuntasach don Aire nó don Aire Stáit, de réir mar a bheidh, le linn na feidhmeanna sin a chomhlíonadh.

(3) Is é a bheidh i dtéarmaí agus i gcoinníollacha fostaíochta Comhairleora Speisialta na téarmaí agus na coinníollacha a chinnfidh an tAire Airgeadais ó am go ham.

(4) Scoirfidh téarma oifige Comhairleora Speisialta—

(a) i gcás Comhairleora Speisialta don Aire, an dáta a scoirfidh an tAire den oifig a shealbhú ar faoina treoir atá sé nó sí ina shealbhóir nó ina sealbhóir oifige, nó

(b) i gcás Comhairleora Speisialta d'Aire Stáit a bheidh sannta do Roinn nó d'Oifig Sceidealta, i ndeireadh shannadh an Aire Stáit don Roinn sin nó don Oifig Sceidealta sin.

(5) Na forálacha den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995, seachas fo-ailt (2) agus (6)(a) d'alt 19, a bhfuil feidhm acu maidir le comhairleoir speisialta dá dtagraítear san alt sin, beidh feidhm acu maidir le Comhairleoir Speisialta a cheapfar faoin Acht seo.

12.—(1) Féadfaidh Aire den Rialtas atá i bhfeighil oifige (ar Roinn nó arb Oifig Sceidealta í), i gcomhpháirt le hAire den Rialtas atá i bhfeighil oifige eile den sórt sin nó oifigí eile den sórt sin, tar éis dul i gcomhairle le hArd-Rúnaí nó le Ceann gach Roinne nó, de réir mar a bheidh, gach Oifige Sceidealta lena mbaineann, le hordú, freagracht i gcomhlíonadh feidhmeanna a shannadh do státseirbhíseach amháin nó níos mó, i ndáil le cibé nithe a bhaineann leis na hoifigí réamhráite lena mbaineann agus a shonrófar san ordú, nó in aon ordú a dhéanfaidh na hAíre sin den Rialtas in ionad an ordaithe sin.

Freagracht a shannadh i leith nithe trasrannacha.

(2) Ní fhéadfar feidhm de chuid an Aire den Rialtas faoin alt seo a tharmligean chuig Aire Stáit faoi alt 2 den Acht Airí agus Rúnaithe (Leasú) (Uimh. 2), 1977 ach amháin i leith feidhmeanna eile de chuid an Aire sin den Rialtas a bheidh arna dtarmligean chuig an Aire Stáit sin faoin alt sin 2.

(3) Maidir le hAíre den Rialtas do shannadh freagrachtaí i gcomhlíonadh feidhmeanna faoi *fho-alt (1)*, forléireofar é sin mar ní a fhorchoimeádfaidh do na hAíre sin den Rialtas an ceart chun na feidhmeanna sin a chomhlíonadh i gcomhthráth leis na sannaithe.

(4) Sonrófar in ordú faoi *fho-alt (1)* an modh ar a mbeidh na státseirbhísigh lena mbaineann an t-ordú cuntasach i gcomhall na bhfreagrachtaí lena mbaineann agus, i gcás gur chomhaontaigh an tAire Airgeadais (agus údaraítear leis seo dó nó di é sin a dhéanamh) go n-áireofar ar na freagrachtaí sin feidhmeanna maidir le húsáid hacmhainní airgeadais a bhaineann le comhall na bhfreagrachtaí sin, féadfaidh an tAire Airgeadais an modh a shonrú ar a mbeidh na státseirbhísigh lena mbaineann cuntasach in úsáid den sórt sin.

(5) Sonrófar in ordú arna dhéanamh ag Airí den Rialtas faoi *fho-alt (1)* an dáta a scoirfidh an sannadh a dhéanfar leis an ordú, agus féadfaidh na hAirí den Rialtas an t-ordú a leasú nó a chúlghairm roimh an dáta sin.

Stádas corpraithe  
oifigí áirithe.

**13.**—(1) Féadfaidh an Rialtas a dhearbhu le hordú gur corparáid aonair aon oifig a shonraítear ag *uimhreacha tagartha 2 go 5* de *cholún (2)* de *Chuid I* den *Sceideal* chun críoch na hoifige a shonraítear i *gcolún (2)* den *Sceideal* ag an uimhir thagartha sin.

(2) Aon oifig a dhearbhaítear faoi *fho-alt (1)* gur corparáid aonair í, beidh comharbas suthain aici agus séala oifigiúil (ar a dtabharfar aird go hoifigiúil agus i gcúrsaí breithiúnais) agus féadfaidh sí agairt a dhéanamh, agus beidh sí inagartha, agus féadfaidh sí talamh a fháil, a shealbhú agus a dhiúscairt chun críocha na hoifige.

Gearrtheideal agus  
tosach feidhme.

**14.**—(1) Féadfar an tAcht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí, 1997 a ghairm den Acht seo.

(2) Tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh cibé lá nó laethanta a shocrófar chuige sin, le hordú nó le horduithe a dhéanfaidh an tAire faoin alt seo, i gcoitinne nó faoi threoir aon chríche nó forála áirithe, agus féadfar laethanta éagsúla a shocrú amhlaidh chun críoch éagsúil agus le haghaidh forálacha éagsúla.

AN SCEIDEAL

OIFIGÍ AGUS BRAINSÍ DEN TSEIRBHÍS PHOIBLÍ

CUID I

Uimhir Thagartha	(1)	(2)
1.	Oifig Thithe an Oireachtais	Cathaoirleach Dháil Éireann agus, i ndáil le feidhmeanna a bhaineann go díreach le gnó Sheanad Éireann, Cathaoirleach Sheanad Éireann
2.	Oifig an Ard-Aighne, lena n-áirítear na seirbhísí a shanntar don Ard-Aighne	An tArd-Aighne
3.	Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste
4.	Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí	An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí
5.	Oifig an Ombudsman	An tOmbudsman

CUID II

Uimhir Thagartha	
1.	Oifig an Tánaiste
2.	An Phríomh-Oifig Staidrimh
3.	Oifig Choimisinéirí na Státseirbhíse
4.	Oifig na gCoimisinéirí um Cheapacháin Áitiúla
5.	Clárlann na Talún agus Clárlann na nGníomhas
6.	Oifig Choimisinéirí na nOibreacha Poiblí in Éirinn
7.	Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim
8.	An Oifig Luachála agus Suirbhéireachta Ordanáis
9.	An tSaotharlann Stáit
10.	Oifig na dTabhartas agus na dTiomnachtaí Carthanúla

---

BAILE ÁTHA CLIATH  
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR  
Le ceannach díreach ó  
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,  
52 FAICHE STIABHNA, BAILE ÁTHA CLIATH 2.  
(Teil: 01 - 6476834 nó 1890 213434; Fax: 01 - 6476843)  
nó trí aon díoltóir leabhar.

---

DUBLIN  
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE  
To be purchased from  
GOVERNMENT PUBLICATIONS,  
52 ST. STEPHEN'S GREEN, DUBLIN 2.  
(Tel: 01 - 6476834 or 1890 213434; Fax: 01 - 6476843)  
or through any bookseller.

€2.54

ISBN 978-1-4468-6832-4



9 781446 868324